II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1281 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Márta 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) agus le hIarscríbhinní a ghabhann leis na bearta sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) Uimh. 1386/2007 ([1]), ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 50(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí é an tAontas den Choinbhinsiún um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (Coinbhinsiún NAFO), arna fhormheas le Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle ([2]).

(2) Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/833 chun bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe ("CEM") NAFO a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(3) Is forlíonadh ar Rialachán (AE) 2019/833 é Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ([3]) ón gCoimisiún le roinnt bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe NAFO.

(4) Is leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún é Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/989 ([4]) ón gCoimisiún, le bearta NAFO arna nglacadh ag a chruinniú bliantúil in 2019.

(5) Is leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún é Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/860 ([5]) ón gCoimisiún, le bearta NAFO arna nglacadh ag a chruinniú bliantúil in 2020.

([1]) IO L 141, 28.5.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle an 28 Nollaig 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 378, 30.12.1978, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 34 I, 6.2.2020, lch. 1).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/989 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO), agus le hIarscríbhinní a ghabhann leis na bearta sin (IO L 221, 10.7.2020, lch. 5).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/860 ón gCoimisiún an 23 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn a ghabhann le bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) (IO L 190, 31.5.2021 lch. 19).

(6) Le Rialachán (AE) 2021/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6] leasaíodh Rialachán (AE) 2019/833 le bearta NAFO arna nglacadh ag a chruinnithe bliantúla in 2019 agus 2020.

(7) Ag a chruinniú bliantúil i mí Mheán Fómhair 2021, leasaigh NAFO a CEM le toirmeasc ar ghníomhaíochtaí breise i dtaca le soithí taighde, tréimhsí fadaithe agus cosc ar limistéir éiceachóras leochaileach muirí, agus nuashonruithe ar Iarscríbhinn II.M ina bhfuil tuarascáil an bhreathnóra agus Iarscríbhinn IV.A ina bhfuil an fhoirm maidir le tuarascáil faireachais.

(8) Ba cheart na hathruithe sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais freisin. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/833 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis seo, Rialachán (AE) 2019/833 mar a leanas:

(1) In Airteagal 4, cuirtear isteach an mhír (1a) seo a leanas:

"1a. In 2022, ní dhéanfaidh soitheach taighde na nithe seo a leanas:

(a) trosc 3M de bhreis ar 15 thonna méadrach a ghabháil. Má sháraíonn gabháil an tsoithigh taighde an méid sin, déanfar an farasbarr a chomhaireamh in aghaidh an leithdháilte ar Pháirtí Conarthach Stát brataí an tsoithigh. Má tá an leithdháileadh ar an mBallstát maidir le trosc 3M ídithe, ní thabharfaidh an Ballstát údarú dá shoithí tuilleadh gníomhaíochtaí taighde a dhéanamh. Aon ghníomhaíocht taighde atá ar siúl, ní mór don oibreoir í a stopadh a luaithe a ghabhfar 15 thonna.

(b) séaclaí 3M de bhreis ar 10 dtonna méadrach a ghabháil. Ós rud é nach n-údarófar aon iascach dírithe maidir le séaclaí 3M in 2022, ní mór don oibreoir aon ghníomhaíocht taighde atá ar siúl a stopadh a luaithe a ghabhfar 10 dtonna".

(2) in Airteagal 10(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) tabharfaidh máistir an tsoithigh fógra do Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO agus dá Lár-Ionad Faireacháin Iascaigh brataí le ríomhphost nó ar fhacs, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig sula rachaidh an soitheach isteach sa Limistéar Rialála, faoi mhéid na gabhála ar bord, an suíomh ina bhfuil sé beartaithe ag máistir an tsoithigh tús a chur leis an iascaireacht de réir domhanleithid agus domhanfhaid, an t-am a mheastar a shroichfidh sé an suíomh sin, agus sonraí teagmhála an tsoithigh iascaireachta (mar shampla, raidió, guthán satailíte nó ríomhphost);"

(3) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

— I míreanna 1, 2 agus 3, cuirtear "Go dtí an 31 Nollaig 2026" in ionad "Go dtí an 31 Nollaig 2021".

— Cuirtear isteach mír 4:

"4. Go dtí an 31 Nollaig 2023, ní bheidh gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill ar siúl ag aon soitheach sna limistéir a léirítear i bhFíor 5 agus a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 7b a cheangal ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1 dá dtagraítear i bpointe 46 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo".

Airteagal 2

Leasaítear, leis seo, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

[6] Rialachán (AE) 2021/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 274, 30.7.2021 lch. 32).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (14):

"Fíor 3 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/833: Polagáin lena marcáiltear Cosc na dTulán Grinnill



Eochair Eolais:

— Teorainn EEZ

— Ranna NAFO

— Limistéir Tulán Grinnill a bhfuil cosc ar iascaireacht ghrinnill iontu

— Thoir

— Thiar

— Thuaidh

— Tulán Orphan

— Tuláin Ghrinnill Thalamh an Éisc

— Tuláin Ghrinnill Fogo

— Tuláin Ghrinnill New England

— Tuláin Ghrinnill Corner Rise"

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (15):

"Tábla 5 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/833: Pointí teorann lena marcáiltear cosc na dTulán Grinnill i Limistéar Rialála NAFO

Tábla 5

Pointí teorann lena Marcáiltear Cosc na dTulán Grinnill i Limistéar Rialála NAFO

Tuairisc	Uimh. chomhordanáide	Domhanleithead	Domhanfhad
Tulán Grinnill Fogo	1	42° 31′ 33″ T	53° 23′ 17″ I
	2	42° 31′ 33″ T	52° 33′ 37″ I
	3	41° 51′ 00″ T	52° 07′ 00″ I
	4	41° 51′ 00″ T	51° 26′ 00″ I
	5	42° 18′ 00″ T	51° 26′ 00″ I
	6	42° 18′ 00″ T	51° 00′ 00″ I
	7	41° 33′ 00″ T	51° 00′ 00″ I
	8	41° 33′ 00″ T	49° 42′ 00″ I
	9	42° 32′ 00″ T	49° 42′ 00″ I
	10	42° 32′ 00″ T	48° 45′ 00″ I
	11	41° 24′ 00″ T	48° 45′ 00″ I
	12	41° 24′ 00″ T	47° 55′ 00″ I
	13	40° 30′ 00″ T	47° 55′ 00″ I
	14	40° 30′ 00″ T	50° 15′ 00″ I
	15	40° 05′ 00″ T	50° 55′ 00″ I
	16	40° 05′ 00″ T	52° 00′ 00″ I
	17	40° 31′ 37″ T	52° 00′ 00″ I
	18	40° 31′ 37″ T	52° 27′ 49″ I
	19	41° 55′ 48″ T	53° 23′ 17″ I
Tulán Orphan	1	50° 00′ 30″ T	45° 00′ 30″ I
	2	51° 00′ 30″ T	45° 00′ 30″ I
	3	51° 00′ 30″ T	47° 00′ 30″ I
	4	50° 00′ 30″ T	47° 00′ 30″ I
Tuláin Ghrinnill Corner Rise	1	36° 33′ 00″ T	52° 27′ 00″ I
	2	36° 33′ 00″ T	51° 00′ 00″ I
	3	36° 00′ 00″ T	50° 30′ 00″ I
	4	35° 33′ 00″ T	50° 30′ 00″ I
	5	35° 33′ 00″ T	48° 00′ 00″ I

Tuairisc	Uimh. chomhordanáide	Domhanleithead	Domhanfhad
	6	36° 00′ 00″ T	48° 00′ 00″ I
	7	36° 00′ 00″ T	47° 06′ 00″ I
	8	35° 33′ 00″ T	47° 06′ 00″ I
	9	35° 33′ 00″ T	42° 30′ 00″ I
	10	35° 00′ 00″ T	42° 30′ 00″ I
	11	35° 00′ 00″ T	52° 27′ 00″ I
Tuláin Ghrinnill Thalamh an Éisc	1	44° 06′ 00″ T	46° 45′ 00″ I
	2	44° 06′ 00″ T	46° 18′ 00″ I
	3	43° 57′ 00″ T	46° 18′ 00″ I
	4	43° 57′ 00″ T	43° 24′ 00″ I
	5	43° 36′ 00″ T	43° 24′ 00″ I
	6	43° 36′ 00″ T	44° 42′ 00″ I
	7	43° 18′ 00″ T	44° 42′ 00″ I
	8	43° 18′ 00″ T	45° 00′ 00″ I
	9	42° 45′ 00″ T	45° 00′ 00″ I
	10	42° 45′ 00″ T	45° 15′ 00″ I
	11	43° 18′ 00″ T	45° 15′ 00″ I
	12	43° 18′ 00″ T	45° 25′ 00″ I
	13	43° 29′ 00″ T	45° 25′ 00″ I
	14	43° 29′ 00″ T	46° 00′ 00″ I
	15	43° 36′ 00″ T	46° 00′ 00″ I
	16	43° 36′ 00″ T	46° 40′ 00″ I
	17	43° 52′ 00″ T	46° 40′ 00″ I
	18	43° 52′ 00″ T	46° 45′ 00″ I
Tuláin Ghrinnill New England (*)	1	38° 51′ 54″ T	66° 55′ 51.60″ I
	2	37° 12′ 00″ T	60° 48′ 00″ I
	3	35° 00′ 00″ T	59° 00′ 00″ I
	4	35° 00′ 00″ T	56° 30′ 00″ I
	5	36° 48′ 00″ T	57° 48′ 00″ I
	6	39° 00′ 00″ T	60° 00′ 00″ I
	7	39° 18′ 00″ T	61° 30′ 00″ I
	8	39° 56′ 20.40″ T	65° 56′ 34.80″ I

Tuairisc	Uimh. chomhordanáide	Domhanleithead	Domhanfhad
2H Thoir	1	56° 00′ 00″ T	49° 00′ 00″ I
	2	56° 00′ 00″ T	48° 35′ 00″ I
	3	55° 44′ 00″ T	48° 35′ 00″ I
	4	55° 44′ 00″ T	49° 00′ 00″ I
2J Thoir 1	1	55° 00′ 00″ T	47° 42′ 00″ I
	2	55° 00′ 00″ T	47° 29′ 00″ I
	3	54° 50′ 00″ T	47° 29′ 00″ I
	4	54° 50′ 00″ T	47° 42′ 00″ I
2J Thoir 2	1	54° 14′ 00″ T	47° 54′ 00″ I
	2	54° 14′ 00″ T	47° 45′ 00″ I
	3	54° 06′ 00″ T	47° 45′ 00″ I
	4	54° 06′ 00″ T	47° 54′ 00″ I
1F Thiar	1	55° 12′ 00″ T	46° 45′ 00″ I
	2	55° 12′ 00″ T	46° 35′ 00″ I
	3	55° 02′ 00″ T	46° 35′ 00″ I
	4	55° 02′ 00″ T	46° 45′ 00″ I
3K Thuaidh	1	52° 07′ 00″ T	45° 46′ 00″ I
	2	52° 07′ 00″ T	45° 33′ 00″ I
	3	51° 58′ 00″ T	45° 33′ 00″ I
	4	51° 58′ 00″ T	45° 46′ 00″ I
1F Thoir 1	1	56° 04′ 00″ T	42° 42′ 00″ I
	2	56° 04′ 00″ T	42° 30′ 00″ I
	3	55° 57′ 00″ T	42° 30′ 00″ I
	4	55° 57′ 00″ T	42° 42′ 00″ I
1F Thoir 2	1	56° 23′ 00″ T	42° 08′ 00″ I
	2	56° 23′ 00″ T	42° 00′ 00″ I
	3	56° 10′ 00″ T	42° 00′ 00″ I
	4	56° 10′ 00″ T	42° 08′ 00″ I

(*) *Ó phointe 8 ar ais go dtí pointe 1, agus an teorainn amuigh de limistéar eacnamaíoch eisiach (EEZ) na Stát Aontaithe á leanúint."

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (18):

"Fíor 5 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(3) agus in Airteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2019/833: Polagáin lena marcáiltear Cosc na Limistéar Éiceachóras Leochaileach Muirí



Eochair Eolais:

— Limistéir a bhfuil cosc ar iascaireacht ghrinnill iontu go dtí an 31 Nollaig 2026

— Limistéir a bhfuil cosc ar iascaireacht ghrinnill iontu go dtí an 31 Nollaig 2023

— Ranna NAFO

— Teorainn EEZ

— Comhrian doimhneachta"

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (19):

"Tábla 7 de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2019/833: Pointí Teorann lena Marcáiltear Cosc na Limistéar Éiceachóras Leochaileach Muirí i Limistéar Rialála NAFO

	Tuairisc	Uimh. chomhordanáide	Domhanleithead	Domhanfhad
1	Tail of the Bank	1.1	44° 02′ 53.88″ T	48° 49′ 09.48″ I
		1.2	44° 21′ 31.32″ T	48° 46′ 48.00″ I
		1.3	44° 21′ 34.56″ T	48° 50′ 32.64″ I
		1.4	44° 11′ 48.12″ T	48° 50′ 32.64″ I
		1.5	44° 02′ 54.60″ T	48° 52′ 52.32″ I
		1.6	44° 00′ 01.12″ T	48° 53′ 28.75″ I
		1.7	43° 59′ 57.52″ T	48° 49′ 26.47″ I

	Tuairisc	Uimh. chomhordanáide	Domhanleithead	Domhanfhad
2	Flemish Pass/Eastern Canyon	2.1	44° 50′ 56.40″ T	48° 43′ 45.48″ I
		2.2	46° 18′ 54.72″ T	46° 47′ 51.72″ I
		2.3	46° 25′ 28.56″ T	46° 47′ 51.72″ I
		2.4	46° 46′ 32.16″ T	46° 55′ 14.52″ I
		2.5	47° 03′ 29.16″ T	46° 40′ 04.44″ I
		2.6	47° 11′ 47.04″ T	46° 57′ 38.16″ I
		2.7	46° 40′ 40.80″ T	47° 03′ 04.68″ I
		2.8	46° 30′ 22.20″ T	47° 11′ 02.93″ I
		2.9	46° 17′ 13.30″ T	47° 15′ 46.64″ I
		2.10	46° 07′ 01.56″ T	47° 30′ 36.36″ I
		2.11	45°49′06.24″ T	47° 41′ 17.88″ I
		2.12	45° 19′ 43.32″ T	48° 29′ 14.28″ I
		2.13	44° 53′ 47.40″ T	48° 49′ 32.52″ I
3	Tulán Beothuk	3.1	45° 49′ 10.20″ T	46° 06′ 02.52″ I
		3.2	45° 59′ 47.40″ T	46° 06′ 02.52″ I
		3.3	45° 59′ 47.40″ T	46° 18′ 08.28″ I
		3.4	45° 49′ 10.20″ T	46° 18′ 08.28″ I
4	Flemish Cap Thoir	4.1	46° 44′ 34.80″ T	44° 03′ 14.40″ I
		4.2	46° 58′ 19.20″ T	43° 34′ 16.32″ I
		4.3	47° 10′ 30.00″ T	43° 34′ 16.32″ I
		4.4	47° 10′ 30.00″ T	43° 20′ 51.72″ I
		4.5	46° 48′ 35.28″ T	43° 20′ 51.72″ I
		4.6	46° 39′ 36.00″ T	43° 58′ 08.40″ I
5	Flemish Cap Thoir Thuaidh	5.1	47° 47′ 46.00″ T	43° 29′ 07.00″ I
		5.2	47° 40′ 54.47″ T	43° 27′ 06.71″ I
		5.3	47° 35′ 57.48″ T	43° 43′ 09.12″ I
		5.4	47° 51′ 14.40″ T	43° 48′ 35.64″ I
		5.5	48° 27′ 19.44″ T	44° 21′ 07.92″ I

	Tuairisc	Uimh. chomhordanáide	Domhanleithead	Domhanfhad
		5.6	48° 41′ 37.32″ T	43° 45′ 08.08″ I
		5.7	48° 37′ 13.00″ T	43° 41′ 24.00″ I
		5.8	48° 30′ 15.00″ T	43° 41′ 32.00″ I
		5.9	48° 25′ 08.00″ T	43° 45′ 20.00″ I
		5.10	48° 24′ 29.00″ T	43° 50′ 50.00″ I
		5.11	48° 14′ 20.00″ T	43° 48′ 19.00″ I
		5.12	48° 09′ 53.00″ T	43° 49′ 24.00″ I
6	Speir Sackville	6.1	48° 18′ 51.12″ T	46° 37′ 13.44″ I
		6.2	48° 28′ 51.24″ T	46° 08′ 33.72″ I
		6.3	48° 49′ 37.20″ T	45° 27′ 20.52″ I
		6.4	48° 56′ 30.12″ T	45° 08′ 59.99″ I
		6.5	49° 00′ 09.72″ T	45° 12′ 44.64″ I
		6.6	48° 21′ 12.24″ T	46° 39′ 11.16″ I
7	Flemish Cap Thuaidh	7.1	48° 25′ 02.28″ T	45° 17′ 16.44″ I
		7.2	48° 25′ 02.28″ T	44° 54′ 38.16″ I
		7.3	48° 19′ 08.76″ T	44° 54′ 38.16″ I
		7.4	48° 19′ 08.76″ T	45° 01′ 58.56″ I
		7.5	48° 20′ 29.76″ T	45° 01′ 58.56″ I
		7.6	48° 20′ 29.76″T	45° 17′ 16.44″ I
8	Flemish Cap Thuaidh	8.1	48° 38′ 07.95″ T	45° 19′ 31.92″ I
		8.2	48° 38′ 07.95″ T	45° 11′ 44.36″ I
		8.3	48° 40′ 09.84″ T	45° 11′ 44.88″ I
		8.4	48° 40′ 09.84″ T	45° 05′ 35.52″ I
		8.5	48° 35′ 56.40″ T	45° 05′ 35.52″ I
		8.6	48° 35′ 56.40″ T	45° 19′ 31.92″ I
		8.7	48° 34′ 23.52″ T	45° 26′ 18.96″ I
		8.8	48° 36′ 55.08″ T	45° 31′ 15.96″ I

	Tuairisc	Uimh. chomhordanáide	Domhanleithead	Domhanfhad
9	Flemish Cap Thuaidh	9.1	48° 34′ 23.52″ T	45° 26′ 18.96″ I
		9.2	48° 36′ 55.08″ T	45° 31′ 15.96″ I
		9.3	48° 30′ 18.36″ T	45° 39′ 42.48″ I
		9.4	48° 12′ 06.60″ T	45° 54′ 12.94″ I
		9.5	48° 17′ 11.82″ T	45° 47′ 25.36″ I
		9.6	48° 16′ 07.06″ T	45° 45′ 48.19″ I
		9.7	48° 27′ 30.60″ T	45° 34′ 40.44″ I
10	Flemish Cap Thiar Thuaidh	10.1	47° 49′ 41.51″ T	46° 22′ 48.18″ I
		10.2	47° 47′ 17.14″ T	46° 17′ 27.91″ I
		10.3	47° 58′ 42.28″ T	46° 06′ 43.74″ I
		10.4	47° 59′ 15.77″ T	46° 07′ 57.76″ I
		10.5	48° 07′ 48.97″ T	45° 59′ 58.46″ I
		10.6	48° 09′ 34.66″ T	46° 04′ 08.54″ I
		10.7	48° 07′ 59.70″ T	46° 05′ 38.22″ I
		10.8	48° 09′ 13.46″ T	46° 09′ 31.03″ I
		10.9	47° 51′ 30.13″ T	46° 26′ 15.61″ I
11	Flemish Cap Thiar Thuaidh	11.1	47° 25′ 48.00″ T	46° 21′ 23.76″ I
		11.2	47° 30′ 01.44″ T	46° 21′ 23.76″ I
		11.3	47° 30′ 01.44″ T	46° 27′ 33.12″ I
		11.4	47° 25′ 48.00″ T	46° 27′ 33.12″ I
12	Flemish Cap Thiar Thuaidh	12.1	48° 12′ 06.60″ T	45° 54′ 12.94″ I
		12.2	48° 17′ 11.82″ T	45° 47′ 25.36″ I
		12.3	48° 16′ 07.06″ T	45° 45′ 48.19″ I
		12.4	48° 11′ 03.32″ T	45° 52′ 40.63″ I
13	Tulán Beothuk	13.1	46° 13′ 58.80″ T	45° 41′ 13.20″ I
		13.2	46° 13′ 58.80″ T	46° 02′ 24.00″ I
		13.3	46° 21′ 50.40″ T	46° 02′ 24.00″ I
		13.4	46° 21′ 50.40″ T	45° 56′ 48.12″ I
		13.5	46° 20′ 14.32″ T	45° 55′ 43.93″ I
		13.6	46° 20′ 14.32″ T	45° 41′ 13.20″ I”

5. I bpointe (35) Tuarascáil an bhreathnóra in Iarscríbhinn II.M a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 27(11) de Rialachán (AE) 2019/833, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid 5:

"CUID 5

Sonraí maidir le Gach Siorc Beagcheannach a Ghabhtar in aghaidh an Dola

Uimhir Tharraingthe/ Chuir	Líon Iomlán Siorcanna Beagcheannacha sa Tarraingt/ Chur	Uimhir an tSiorca	Meáchan Measta (kg de réir beomheáchain)	Fad Iomlán (cm, ó bharr an tsoic go dtí barr na heite eireaballl)	Fad arna Thomhas (M) nó arna Mheas (E)?	Inscne (M más Fireann, F más Baineann, U murab Eol)	Diúscairt Gabhála (A más Beo, D más Marbh, U murab Eol)	Barúlacha (i mBéarla a mhéid is féidir)"

6. I bpointe (38) Foirm maidir le Tuarascáil Faireachais in Iarscríbhinn IV.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 30(1) agus pointe (a) d'Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2019/833, cuirtear an fonóta seo a leanas isteach faoi thábla 3. SOITHEACH A BHFUARTHAS AMHARC AIR (*):

"(*) Arna thuairisciú mar shaorthéacs nó trí úsáid a bhaint as na cóid a leagtar amach in Iarscríbhinn II.I Cuid B a ghabhann le CEM"

7. Cuirtear pointe (46) isteach:

"46. Tábla 7b de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2019/833: Pointí Teorann lena Marcáiltear Cosc na Limistéar Éiceachóras Leochaileach Muirí i Limistéar Rialála NAFO

Limistéar	Tuairisc	Uimh. chomhordanáide	Domhanleithead	Domhanfhad
7a	Flemish Cap Thuaidh	7a.1	48° 25′ 02.28″ T	45° 17′ 16.44″ I
		7a.2	48° 25′ 02.28″ T	44° 54′ 38.16″ I
		7a.3	48° 19′ 08.76″ T	44° 54′ 38.16″ I
		7a.4	48° 18′ 06.84″ T	44° 44′ 22.81″ I
		7a.5	48° 08′ 18.42″ T	44° 23′ 10.57″ I
		7a.6	48° 10′ 08.98″ T	44° 15′ 54.97″ I
		7a.7	48° 19′ 30.47″ T	44° 26′ 38.40″ I
		7a.8	48° 24′ 57.13″ T	44° 37′ 58.40″ I
		7a.9	48° 26′ 21.37″ T	44° 54′ 34.60″ I
		7a.10	48° 27′ 52.20″ T	45° 17′ 19.25″ I
11a	Flemish Cap Thiar Thuaidh	11a.1	47° 27′ 36.29″ T	46° 21′ 23.69″ I
		11a.2	47° 30′ 01.44″ T	46° 21′ 23.76″ I
		11a.3	47° 30′ 01.44″ T	46° 27′ 33.12″ I
		11a.4	47° 37′ 38.86″ T	46° 16′ 31.12″ I
		11a.5	47° 34′ 39.61″ T	46° 12′ 03.92″ I
		11a.6	47° 32′ 28.90″ T	46° 16′ 26.58″ I
		11a.7	47° 32′ 10.00″ T	46° 14′ 29.87″ I
		11a.8	47° 28′ 27.80″ T	46° 16′ 05.74″ I
14a	Flemish Cap Thoir	14a.1	47° 45′ 24.44″ T	44° 03′ 06.44″ I
		14a.2	47° 47′ 54.35″ T	44° 03′ 06.44″ I
		14a.3	47° 50′ 11.33″ T	44° 03′ 34.49″ I
		14a.4	47° 50′ 10.86″ T	43° 58′ 28.99″ I
		14a.5	47° 47′ 54.35″ T	43° 59′ 23.39″ I
		14a.6	47° 45′ 55.19″ T	43° 58′ 08.94″ I
		14a.7	47° 44′ 44.59″ T	44° 02′ 41.50″ I
14b	Flemish Cap Thoir	14b.1	47° 35′ 21.77″ T	43° 56′ 50.10″ I
		14b.2	47° 37′ 33.53″ T	43° 52′ 56.50″ I
		14b.3	47° 30′ 04.79″ T	43° 48′ 18.54″ I
		14b.4	47° 27′ 34.88″ T	43° 48′ 18.54″ I
		14b.5	47° 27′ 34.88″ T	43° 52′ 00.34″ I”